Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

Teileafón: +353-90-644 2741. Facs:+353-90-647 3080. Gréasán: www.examinations.ie. R-phost: orals@examinations.ie

S61/15

Chuig: Údaráis Bhainistíochta na Scoileanna Dara Leibhéal

Tíreolaíocht na hArdteistiméireachta

Is é aidhm an chiorcláin seo:

(a) cuntas a thabhairt ar na socruithe maidir le Leabhrán Tuarascála 2016 a chomhlánú, a chur isteach, agus a mheasúnú.
(b) liosta a thabhairt de na topaicí fiosrúcháin atá leagtha síos do scrúdú na Tíreolaíochta san Ardteistiméireacht in 2017.

Is cóir an ciorclán seo a léamh ar scáth na gciorclán S68/08 agus S69/04 ina leagtar amach polasaí agus cleachtas Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) maidir le measúnú obair chúrsa phraiticiúil sna scrúduithe teistiméireachta. Tá cóipeanna de na ciorcláin sin ar fáil ar shuíomh gréasáin CSS: *www.examinations.ie/schools*.

1. Réamhrá

Tugadh isteach siollabas leasaithe do Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta i Meán Fómhair 2004. Scrúdaíodh an siollabas leasaithe den chéad uair in 2006.

Tá dhá chomhpháirt ag baint le measúnú an ábhair ar an nGnáthleibhéal agus ar an Ardleibhéal araon, mar seo a leanas:

(i) Obair chúrsa phraiticiúil (20% de na marcanna iomlána atá ar fáil) agus
(ii) Scrúdú Scríofa cinn chúrsa (80% de na marcanna iomlána atá ar fáil).

2. Socruithe le haghaidh Leabhrán Tuarascála an Fhiosrúcháin Tíreolaíochta, 2016 a chomhlánú, a chur isteach agus a mheasúnú

2.1 Leabhráin Tuarascála an Fhiosrúcháin Tíreolaíochta

Ní mór do gach iarrthóir leabhrán tuarascála a chomhlánú i rith na scoilbhliana reatha. Is gá an obair chúrsa phraiticiúil a sheoladh isteach ar Leabhrán Tuarascála an Fhiosrúcháin Tíreolaíochta a chuirfear chuig na scoileanna go léir. Déanaigí cinnte de, le bhur dtoil, go mbeidh bhur ndóthain cóipeanna den leabhrán ag an scoil. Mura bhfuil, gabhaigí i dteagmháil le CSS láithreach. **Ní eiseofar freagarleabhair bhreise ach ar iarratas sa ríomhphost chuig projectbooklets@examinations.ie. Ní chuirfear amach a thuilleadh leabhrán tar éis 31 Nollaig 2015.** Tá leabhrán samplach ar fáil ar an suíomh gréasáin againn agus is féidir é a chóipeáil anuas, **mar mhaithe le cleachtadh amháin**. Déan deimhin de nach mbainfear úsáid as le hobair a chur isteach chuig CSS nó measfar an obair a bheith neamhbhailí. Is féidir an leabhrán samplach a chóipeáil anuas ó rannóg na Tíreolaíochta ar an suíomh gréasáin www.examinations.ie/Eolas faoi Scrúduithe/Obair Chúrsa Phraiticiúil

2.2 A Thábhachtaí atá sé a dheimhniú gurb í obair phearsanta an iarrthóra a bhíonn i ngach Leabhrán Tuarascála

Ní mór do gach iarrthóir a c(h)uid oibre féin agus í sin amháin a scríobh sa Leabhrán Tuarascála. Ní ghlacfar le leabhráin chomhlánaithe gan deimhniú na n-údarás scoile ar na foirmeacha ábhartha gurb í obair gan chúnamh na n-iarrthóirí féin atá iontu. Is cóir do mhúinteoirí monatóireacht a dhéanamh ar bhonn rialta ar dhul chun cinn obair na n-iarrthóirí.

Má bhítear in amhras faoi chóipeáil, faoi chúnamh míchuí ó pháirtí eile nó faoi bhradaíl, déanfar sin a fhiosrú go huile is go hiomlán. Is cóir na pionóis is féidir a chur i bhfeidhm faoi *Rialacha agus Clár do Mheánscoileanna* a chur ar a súile do na hiarrthóirí. Ar an réimse pionós atá i gceist leo sin, tá cealú an ábhair, cealú na n-ábhar ar fad sa scrúdú iomlán, nó a bheith toirmiscthe sna Scrúduithe Teistiméireachta sna blianta romhainn.

Glactar leis gur féidir an obair allamuigh i bhFiosrúchán Tíreolaíochta a dhéanamh i ngrúpaí. Ní mór do gach iarrthóir aonair, ámh, tuarascáil dá c(h)uid féin a dhéanamh, agus ní mór obair phearsanta an iarrthóra a shonrú go soiléir sa leabhrán. Faoi gach iarrthóir sa ghrúpa atá sé a dheimhniú go bhfuil a c(h)uid oibre féin sonraithe go soiléir sa leabhrán.

2.3 An Leabhrán Tuarascála a Chomhlánú
Is cóir do gach iarrthóir aon Leabhrán Tuarascála amháin a chur isteach, agus tuairisc aige/aici ar fhiosrúchán ar cheann amháin de na topaicí atá leagtha síos do 2016.

Tugtar ceannteidil agus struchtúr sa Leabhrán Tuarascála ar mhaithe lena chur ar chumas na n-iarrthóirí a gcuid oibre a chur i láthair ar bhealach soiléir, gonta, struchtúrtha. Bítear ag súil leis go mbainfidh iarrthóirí leas as na ceannteidil go cruinn beacht mar a thugtar iad. Caillfear marcanna mura ndéantar amhlaidh.

Dírítear aird na múinteoirí agus na n-iarrthóirí ar an *Eolas d'Iarrthóirí* ar leathanach 2 agus 3 den Leabhrán Tuarascála. Tá sé de fhreagracht ar gach iarrthóir a dheimhniú go léifidh agus go dtuigfidh sé/sí an t-eolas sin *sula dtosaíonn sé/sí* ar an Leabhrán Tuarascála a chomhlánú.

Leagtar béim faoi leith air nár cheart aon ábhar breise – páipéar nó eile – a chur isteach leis an Leabhrán Tuarascála. Ní mharcálfaidh na scrúdaitheoirí ach an t-ábhar a chuirtear i láthair ar leathanaigh an Leabhráin Tuarascála féin. Tá an fhoráil seo á leagan síos mar gheall ar imní an Choimisiúin go scarfaí ábhar den chineál sin ón leabhrán agus go gcaillfí é, agus go bhféadfaí marcanna a chailleadh sa tslí sin.

2.4 An Leabhrán Tuarascála a chur isteach
Is cóir na Leabhráin Tuarascála a chomhlánú faoi **29 Aibreán, 2016**. Ar dháta an chomhlánaithe, is cóir a threorú do gach iarrthóir a Leabhrán Tuarascála a chur isteach i gclúdach iarrthóra a chuirfidh an Coimisiún ar fáil do na scoileanna. Is cóir don iarrthóir a scrúduimhir a chur ar chumhdach an chlúdaigh seo. Is cóir don iarrthóir an clúdach séalaithe a thabhairt ar láimh do na húdaráis scoile. Iarrtar ar na scoileanna clúdaigh na leabhrán tuarascála a choimeád in áit shábháilte go dtí lá an scrúdaithe scríofa i mí an Mheithimh.

2.5 Freagairt trí Ghaeilge
Mar a tharlaíonn i ngach scrúdú eile ina bhfuil comhpháirteanna seachas an scrúdú scríofa foirmiúil, ní bhronnfar marcanna bónais ar aon obair chúrsa a dhéantar trí Ghaeilge.

3. Liosta na dTopaicí atá leagtha síos do Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta in 2016
I mí na Samhna 2014, seoladh chuig na scoileanna Liosta na dTopaicí atá leagtha síos d'iarrthóirí a bheidh ag déanamh scrúdú Tíreolaíochta na hArdteistiméireachta in 2016. Tá na topaicí ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin faoin rannóg Tionscadal/Obair Chúrsa Phraiticiúil. Tá siad clóbhuailte freisin ar chumhdach tosaigh Leabhrán Tuarascála 2016.

4. Liosta na dTopaicí atá leagtha síos do Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta in 2017
In éineacht leis an gciorclán seo gheobhaidh tú liosta na dtopaicí atá leagtha síos d'iarrthóirí a bheidh ag déanamh an scrúdaithe in 2017.

Cuirtear an ciorclán seo faoi bhráid na múinteoirí ar fad atá ag plé le Tíreolaíocht na hArdteistiméireachta i do scoil, le do thoil. Má tá aon cheist agat faoi seo, déan teagmháil le Coimisiún na Scrúduithe Stáit ag 090 644 2741/42/45, le do thoil.

Robert Cornally
Oifigeach Feidhmiúcháin
Meán Fómhair 2015